Uimhir 17 *de* 1993

ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ (LEASÚ), 1993

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Mínithe
2. Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht.
3. Leasú ar alt 57 den Phríomh-Acht.
4. Leasú ar alt 17 d'Acht 1978.
5. Leasú ar alt 23 d'Acht 1978.
6. Gearrtheideal agus comhlua.

[*Uimh.* **17.**] *Acht na Lia-Chleachtóirí (Leasú),* 1993. [1993.]

Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978	1978, Uimh. 4
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1978	1978, Uimh. 19

Uimhir 17 *de* 1993

ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ (LEASÚ), 1993

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE MAIDIR LE CLÁR GINEARÁLTA NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ A BUNAÍODH FAOI ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ, 1978, AGUS MAIDIR LE DAOINE ARNA gCLÁRÚ SA CHLÁR SIN AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN DO LEASÚ AN ACHTA SIN AGUS FORÁLACHA ÁIRITHE DEN ACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE (LEASÚ), 1978, A BHAINEANN LEIS NA DAOINE RÉAMHRÁITE.

[1 *Iúil*, 1993]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo— Mínithe

ciallaíonn "Acht 1978" an tAcht um Thrácht ar Bhóithre (Leasú), 1978;

ciallaíonn "an Príomh-Acht" Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978.

2.—Leasaítear, leis seo, alt 26 den Phríomh-Acht, le héifeacht ó dháta rite an Achta sin, trí na fo-ailt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2): Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht.

"(2) Féadfar an clár a ullmhú, a bhunú agus a chothabháil i bhfoirm nach bhfuil inléite má bhíonn sé inaistrithe ina fhoirm inléite agus taispeánfaidh an clár cibé acu is lánchláraithe, cláraithe go sealadach nó cláraithe go díomuan atá gach duine a bhfuil a ainm cláraithe ann.

(2A) Aon deimhniú a airbheartóidh a bheith sínithe ag an gCláraitheoir, agus a airbheartóidh a dheimhniú go raibh duine áirithe arna chlárú sa chlár lá nó laethanta sonraithe nó i rith tréimhse sonraithe go huile nó nach raibh duine áirithe arna chlárú sa chlár lá nó laethanta sonraithe nó i rith tréimhse sonraithe go huile, nó gur scriosadh ainm duine áirithe as an gclár lá sonraithe, beidh sé ina fhianaise, mura suífear a mhalairt, ar na nithe a bheidh sonraithe sa deimhniú, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartóidh an deimhniú a shíniú nó cruthúnas gurbh é an Cláraitheoir é.".

Leasú ar alt 57 den Phríomh-Acht.

3.—Leasaítear, leis seo, alt 57 den Phríomh-Acht, le héifeacht ó dháta rite an Achta sin, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(3) I bhfo-alt (1) den alt seo, folaíonn 'cóipeanna' cóipeanna d'atáirgeadh i mbuanfhoirm inléite, ó ríomhaire nó trí mhodh eile, den chlár i bhfoirm neamh-inléite.".

Leasú ar alt 17 d'Acht 1978.

4.—Leasaítear, leis seo, alt 17 d'Acht 1978 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

"(5) Aon duine a dhiúltóidh nó a mhainneoidh, ar cheanglas a bheith curtha air faoi fho-alt (4)—

(*a*) ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh, nó

(*b*) ceanglas ó lia-chleachtóir cláraithe ainmnithe i ndáil le sampla fuail a chur ar fáil faoin alt seo a chomhlíonadh,

beidh sé ciontach i gcion agus dlífear, ar é a chiontú go hachomair, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí nó, de rogha na cúirte, fíneáil nach mó ná £1,000, nó iad araon, a chur air."

Leasú ar alt 23 d'Acht 1978.

5.—Leasaítear, leis seo, alt 23 d'Acht 1978 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

"(3) In ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht, nó faoi alt 13, 14, 16 nó 17, toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt, gur lia-chleachtóir cláraithe gach duine de na daoine seo a leanas:

(*a*) duine a thóg, de bhua cumhachtaí a thugtar dó leis an gCuid seo, ó dhuine eile, sampla d'fhuil an duine eile sin nó ar chuir duine eile sampla d'fhual an duine eile sin ar fáil dó;

(*b*) duine ar diúltaíodh nó ar mainníodh cead a thabhairt dó sampla fola a thógáil, tar éis ceanglas a bheith curtha faoi alt 13 (1), 14 (1) nó 16 (5) cead den sórt sin a thabhairt nó ar diúltaíodh nó ar mainníodh déanamh de réir ceanglais uaidh i ndáil le sampla den sórt sin a thógáil;

(*c*) duine ar diúltaíodh nó ar mainníodh sampla fuail a chur ar fáil dó, tar éis ceanglas a bheith curtha faoi alt 13 (1), 14 (1), 16 (5) nó 17 (4) sampla den sórt sin a chur ar fáil nó ar diúltaíodh nó ar mainníodh déanamh de réir ceanglais uaidh i ndáil le sampla den sórt sin a chur ar fáil.".

Gearrtheideal agus comhlua.

6.—(1) Féadfar Acht na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 1993 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna na Lia-Chleachtóirí, 1978 agus 1993 a ghairm d'Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978, agus den Acht seo (a mhéid a leasaíonn sé an tAcht sin).